II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/352 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Samhain 2021

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 a mhéid a bhaineann le nuashonrú 2021 ar an tacsanomaíocht a leagtar síos sna caighdeáin theicniúla rialála i dtaca leis an bhformáid tuairiscithe leictreonach aonair

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE ([1]),agus go háirithe Airteagal 4(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sonraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún ([2]) an fhormáid tuairiscithe leictreonach aonair, dá dtagraítear in Airteagal 4(7) de Threoir 2004/109/CE, nach mór d'eisitheoirí a úsáid chun a dtuarascálacha airgeadais bliantúla a ullmhú. Ráitis airgeadais chomhdhlúite a áirítear ann, ullmhaítear iad i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta, dá dtagraítear mar Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais ("IFRSanna") go coitianta, caighdeáin arna nglacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), nó i gcomhréir le IFRSanna arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (IASB), ar caighdeáin iad a mheastar, agus sin bunaithe ar Chinneadh 2008/961/CE ón gCoimisiún ([4]), a bheith coibhéiseach le IFRSanna arna nglacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002.

(2) Tá an bhuntacsanomaíocht a úsáidfear don fhormáid tuairiscithe leictreonach aonair bunaithe ar Thacsanomaíocht IFRS agus is leathnú uirthi í. Nuashonraíonn Fondúireacht IFRS Tacsanomaíocht IFRS ar bhonn bliantúil chun eisiúint IFRSanna nua nó leasú ar IFRSanna atá ann cheana, anailís ar nochtuithe a thuairiscítear sa chleachtas go coitianta, nó feabhsuithe ar ábhar ginearálta nó ar theicneolaíocht thacsanomaíocht IFRS, i measc forbairtí eile, a léiriú. Is gá, dá bhrí sin, na caighdeáin theicniúla rialála a nuashonrú chun gach nuashonrú bliantúil ar Thacsanomaíocht IFRS a léiriú.

(3) I mí an Mhárta 2021 d'fhoilsigh Fondúireacht IFRS an leagan nuashonraithe de Thacsanomaíocht IFRS. Ba cheart an nuashonrú seo a léiriú i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 dá réir sin.

(4) Le hIarscríbhinn VI de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 sonraítear faoi láthair lipéad caighdeánach ("lipéad") agus lipéad doiciméadúcháin ("lipéad doiciméadúcháin") le haghaidh gach gné den bhuntacsanomaíocht. Chun cur i bhfeidhm comhchuibhithe an cheanglais a éascú chun ráitis airgeadais chomhdhlúite IFRS a mharcáil, bheadh sé iomchuí, i gcás inarb ábhartha, na cineálacha lipéid eile dá bhforáiltear le Tacsanomaíocht IFRS a chur sa Rialachán seo. Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn VI a leasú chun cineálacha lipéid eile a áireamh, i gcás inarb ábhartha.

([1]) IO L 390, 31.12.2004, lch. 38.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2019/815 ón gCoimisiún an lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE 2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaigh aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm (IO L 243, 11.9.2002, lch. 1).

([4]) Cinneadh ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2008 maidir leis an úsáid a bhaineann eisitheoirí urrús tríú tíortha as caighdeáin chuntasaíochta náisiúnta tríú tíortha ar leith agus as Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais chun a ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú (IO L 340,19.12.2008, lch. 112).

(5) Chun am leordhóthanach a thabhairt d'eisitheoirí na ceanglais a chur chun feidhme go héifeachtach, agus chun costais chomhlíontachta a íoslaghdú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán maidir le tuarascálacha airgeadais bliantúla ina bhfuil ráitis airgeadais le haghaidh blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2022 nó dá éis. Mar sin féin, ba cheart cead a thabhairt d'eisitheoirí an tacsanomaíocht a shonraítear sa Rialachán seo cheana féin a ghlacadh le haghaidh blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2021 nó dá éis.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 a leasú dá réir sin.

(7) Tá an Rialachán seo bunaithe ar an dréachtchaighdeán teicniúil rialála arna chur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí.

(8) Is nuashonrú teicniúil é an Rialachán seo ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 chun nuashonruithe ar thacsanomaíocht IFRS a léiriú agus chun treoraíocht bhreise a chur ar fáil maidir le ráitis airgeadais IFRS a mharcáil. Dá réir sin, ní polasaí nua ná athrú suntasach ar bheartas atá ann cheana é an Rialachán seo. Níor sheol ESMA comhairliúcháin oscailte phoiblí ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, ní dhearna sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith leo ná níor iarr sé comhairle an Ghrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú faoi Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) mar go mbeadh sé an-díréireach le raon feidhme agus le tionchar déanamh amhlaidh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn VI i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Foráil idirthréimhseach

De mhaolú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1989 ón gCoimisiún ([6]), féadfar an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le tuarascálacha airgeadais bliantúla ina bhfuil ráitis airgeadais le haghaidh blianta airgeadais dar tús roimh an 1 Eanáir 2022.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022 maidir le tuarascálacha airgeadais bliantúla ina bhfuil ráitis airgeadais le haghaidh blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2022 nó dá éis.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 2 ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1989 ón gCoimisiún an 6 Samhain 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 maidir le nuashonrú 2020 ar an tacsanomaíocht a leagtar síos sna caighdeáin theicniúla rialála i dtaca leis an bhformáid tuairiscithe leictreonach aonair (IO L 429, 18.12.2020, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad shainmhíniú esef_cor:

"réimír a chuirtear i bhfeidhm i dTáblaí Iarscríbhinn IV agus VI le haghaidh eilimintí a shainmhínítear in ainmspás 'http://www.esma.europa.eu/taxonomy/2021-03-24/esef_cor'";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad shainmhíniú esef_all:

"réimír a chuirtear i bhfeidhm i dTáblaí Iarscríbhinn VI le haghaidh eilimintí a shainmhínítear in ainmspás 'http://www.esma.europa.eu/taxonomy/2021-03-24/esef_all'";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad shainmhíniú ifrs-full:

"réimír a chuirtear i bhfeidhm i dTáblaí Iarscríbhinn IV agus VI le haghaidh eilimintí a shainmhínítear in ainmspás 'http://xbrl.ifrs.org/taxonomy/2021-03-24/ifrs-full'".

In Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

"Tábla

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	AbnormallyLargeChangesInAssetPricesOrForeignExchangeRatesMember	member	label	Athruithe thar a bheith mór ar phraghsanna sócmhainní nó ar rátaí malairte eachtraí [member]	sampla: IAS 10.22
			documentation	Seasann an ball seo d'athruithe thar a bheith mór ar phraghsanna sócmhainní nó ar rátaí malairte eachtraí.	
ifrs-full	AccountingEstimatesAxis	axis	label	Meastacháin chuntasaíochta [axis]	Nochtadh: IAS 8.39
			documentation	Is le hais i dtábla a shainítear an gaol idir na baill sa tábla agus na míreanna líne nó na coincheapa lena gcomhlánaítear an tábla.	
ifrs-full	AccountingEstimatesMember	member [default]	label	Meastacháin chuntasaíochta [member]	Nochtadh: IAS 8.39
			documentation	Seasann an ball seo do shócmhainn, dliteanas nó ídiú tréimhsiúil sócmhainne, faoi réir coigeartuithe a leanann as an measúnú ar stádas láithreach sócmhainní agus dliteanas agus ar shochair agus ar oibleagáidí ionchasacha amach anseo atá bainteach le sócmhainní agus dliteanais. Léirítear leis freisin an luach caighdeánach le haghaidh na haise 'Meastacháin chuntasaíochta' mura n-úsáidtear aon bhall eile.	
ifrs-full	AccountingProfit	X duration, credit	label	Brabús cuntasaíochta	Nochtadh: IAS 12.81 c (i), Nochtadh: IAS 12.81 c (ii)
			documentation	An méid brabúis (caillteanais) le haghaidh tréimhse sula n-asbhainfear speansas cánach. [Féach: Brabús (caillteanas)]	
ifrs-full	Accruals	X instant, credit	label	Fabhruithe	Cleachtas coiteann: IAS 1.78
			documentation	An méid dliteanas le híoc as earraí nó seirbhísí atá faighte nó soláthartha ach nach bhfuil íoctha, sonrasctha nó comhaontaithe leis an soláthróir go foirmiúil, lena n-áirítear méideanna atá dlite d'fhostaithe.	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	AccrualsAndDeferredIncomeIncludingContractLiabilities	X instant, credit	label	Fabhruithe agus ioncam iarchurtha lena n-áirítear dliteanais chonartha	Cleachtas coiteann: IAS 1.55, Cleachtas coiteann: IAS 1.78
			documentation	An méid fabhruithe agus ioncaim iarchurtha, lena n-áirítear dliteanais chonartha. [Féach: Fabhruithe; Ioncam iarchurtha lena n-áirítear dliteanais chonartha]	
			totalLabel	Fabhruithe iomlána agus ioncam iarchurtha iomlán lena n-áirítear dliteanais chonartha	
ifrs-full	AccrualsAndDeferredIncomeIncludingContractLiabilitiesAbstract		label	Fabhruithe agus ioncam iarchurtha lena n-áirítear dliteanais chonartha [abstract]	
ifrs-full	AccrualsClassifiedAsCurrent	X instant, credit	label	Fabhruithe a aicmítear mar fhabhruithe reatha	Cleachtas coiteann: IAS 1.78
			documentation	An méid fabhruithe a aicmítear mar fhabhruithe reatha. [Féach: Fabhruithe]	
ifrs-full	AccrualsClassifiedAsNoncurrent	X instant, credit	label	Fabhruithe a aicmítear mar fhabhruithe neamhreatha	Cleachtas coiteann: IAS 1.78
			documentation	An méid fabhruithe a aicmítear mar fhabhruithe neamhreatha. [Féach: Fabhruithe]	
ifrs-full	AccruedIncomeIncludingContractAssets	X instant, debit	label	Ioncam fabhraithe lena n-áirítear sócmhainní conartha	Cleachtas coiteann: IAS 1.55, Cleachtas coiteann: IAS 1.78
			documentation	An méid sócmhainní lena léirítear ioncam atá tuillte ach nach suim infhaighte fós é, lena n-áirítear sócmhainní conartha. [Féach: Sócmhainní conartha]	
			totalLabel	Ioncam fabhraithe iomlán lena n-áirítear sócmhainní conartha	
ifrs-full	AccruedIncomeIncludingContractAssetsAbstract		label	Ioncam fabhraithe lena n-áirítear sócmhainní conartha [abstract]	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	AccruedIncomeOtherThanContractAssets	X instant, debit	label	Ioncam fabhraithe seachas sócmhainní conartha	Cleachtas coiteann: IAS 1.55, Cleachtas coiteann: IAS 1.78
			documentation	An méid sócmhainní lena léirítear ioncam atá tuillte ach nach suim infhaighte fós é, seachas sócmhainní conartha. [Féach: Sócmhainní conartha]	
ifrs-full	AccumulatedChangesInFairValueOfFinancialAssetsAttributableToChangesInCreditRiskOfFinancialAssets	X instant, debit	label	Méadú (laghdú) carntha ar luach cóir sócmhainní airgeadais a ainmnítear mar shócmhainní arna dtomhas ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas, atá inchurtha le hathruithe ar riosca creidmheasa sócmhainní airgeadais	Nochtadh: IFRS 7.9 c
			documentation	An méadú (laghdú) carntha ar luach cóir sócmhainní airgeadais a ainmnítear mar shócmhainní atá á dtomhas ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas, atá inchurtha i leith athruithe ar riosca creidmheasa na sócmhainní airgeadais a chinntear: (a) mar an méid athraithe ar a luach cóir nach bhfuil inchurtha i leith athruithe ar dhálaí an mhargaidh ba chúis le riosca margaidh; nó (b) modh malartach a úsáid a thugann léiriú is dílse, dar leis an eintiteas, ar an méid athraithe ar a luach cóir atá inchurtha i leith athruithe ar riosca creidmheasa na sócmhainne. [Féach: Riosca creidmheasa [member]; Riosca margaidh [member]; Méadú (laghdú) ar luach cóir sócmhainní airgeadais a ainmnítear mar shócmhainní airgeadais atá á dtomhas ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas, atá inchurtha i leith athruithe ar riosca creidmheasa sócmhainní airgeadais]	
ifrs-full	AccumulatedChangesInFairValueOfFinancialAssetsRelatedCreditDerivativesOrSimilarInstruments	X instant	label	Méadú (laghdú) carntha ar luach cóir díorthach creidmheasa nó ionstraimí comhchosúla a bhaineann le sócmhainní airgeadais a ainmnítear mar shócmhainní atá á dtomhas ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	Nochtadh: IFRS 7.9 d
			documentation	An méadú (laghdú) carntha ar luach cóir díorthach chreidmheasa nó ionstraimí comhchosúla a bhaineann le sócmhainní airgeadais a ainmnítear mar shócmhainní atá á dtomhas ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas. [Féach: Díorthaigh [member]; Méadú (laghdú) ar luach cóir sócmhainní airgeadais a ainmnítear mar shócmhainní atá á dtomhas ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas a bhaineann le díorthaigh chreidmheasa nó le hionstraimí comhchosúla; Sócmhainní airgeadais]	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	AccumulatedChangesInFairValueOfFinancialLiabilityAttributableToChangesInCreditRiskOfLiability	X instant, credit	label	Méadú (laghdú) carntha ar luach cóir dhliteanais airgeadais, atá inchurtha i leith athruithe ar riosca creidmheasa dliteanais	Nochtadh: IFRS 7.10A a, Nochtadh: IFRS 7.10 a
			documentation	An méadú (laghdú) carntha ar luach cóir dliteanas airgeadais atá inchurtha i leith athruithe ar riosca creidmheasa na ndliteanas. [Féach: Riosca creidmheasa [member]; Riosca margaidh [member]; Méadú (laghdú) carntha ar luach cóir dliteanais airgeadais, atá inchurtha i leith athruithe ar riosca creidmheasa dliteanais]	
ifrs-full	AccumulatedChangesInFairValueOfLoanOrReceivableAttributableToChangesInCreditRiskOfFinancialAssets	X instant, debit	label	Méadú (laghdú) carntha ar luach cóir iasachta nó suime infhaighte, atá inchurtha i leith athruithe ar riosca creidmheasa sócmhainní airgeadais	Nochtadh: Dáta éaga 2023-01-01 IFRS 7.9 c
			documentation	Méadú (laghdú) carntha ar luach cóir iasachtaí nó suimeanna infhaighte atá inchurtha i leith athruithe ar riosca creidmheasa na sócmhainní a chinntear: (a) mar an méid athraithe ar a luach cóir nach bhfuil inchurtha i leith athruithe ar dhálaí an mhargaidh as ar tháinig an riosca margaidh; nó (b) modh malartach a úsáid a thugann léiriú is dílse, dar leis an eintiteas, ar an méid athraithe ar a luach cóir atá inchurtha i leith athruithe ar riosca creidmheasa na sócmhainne. [Féach: Riosca margaidh [member]]	
ifrs-full	AccumulatedChangesInFairValueOfLoansOrReceivablesRelatedCreditDerivativesOrSimilarInstruments	X instant	label	Méadú (laghdú) carntha ar luach cóir na ndíorthach creidmheasa nó ionstraimí comhchosúla a bhaineann le hiasachtaí nó suimeanna infhaighte.	Nochtadh: Dáta éaga 2023-01-01 IFRS 7.9 d
			documentation	An méadú (laghdú) comhiomlán ar luach cóir na ndíorthach creidmheasa nó na n-ionstraimí comhchosúla a bhaineann le hiasachtaí nó suimeanna infhaighte. [Féach: Díorthaigh [member]; Méadú (laghdú) ar luach cóir iasachtaí nó suimeanna infhaighte a bhaineann le díorthaigh chreidmheasa nó le hionstraimí comhchosúla]	
ifrs-full	AccumulatedDepreciationAmortisationAndImpairmentMember	member	label	Dímheas, amúchadh agus lagú carntha [member]	Nochtadh: IAS 16.73 d, Nochtadh: IAS 16.75 b, Nochtadh: IAS 38.118 c, Nochtadh: IAS 40.79 c, Nochtadh: IAS 41.54 f
			documentation	Seasann an ball seo do dhímheas, amúchadh agus lagú carntha. [Féach: Caillteanas lagaithe; Dímheas agus speansas amúchta]	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	AccumulatedDepreciationAndAmortisationMember	member	label	Dímheas agus amúchadh carntha [member]	Cleachtas coiteann: IAS 16.73 d, Nochtadh: IAS 16.75 b, Cleachtas coiteann: IAS 38.118 c, Cleachtas coiteann: IAS 40.79 c, Cleachtas coiteann: IAS 41.54 f
			documentation	Seasann an ball seo do dhímheas agus d'amúchadh carntha. [Féach: Dímheas agus speansas amúchta]	
ifrs-full	AccumulatedFairValueHedgeAdjustmentOnHedgedItemIncludedInCarryingAmountAssets	X instant, debit	label	Coirgeartú carntha, i dtaca le fálú luach cóir, ar mhír fhálaithe a áirítear i suim ghlanluacha, sócmhainní	Nochtadh: IFRS 7.24B a (ii)
			documentation	Méid carntha an choigeartaithe i dtaca le fálú luach cóir ar mhír fhálaithe a áirítear i suim ghlanluacha na míre fálaithe, a aithnítear sa ráiteas ar an staid airgeadais mar shócmhainn. [Féach: Míreanna fálaithe [member]]	
ifrs-full	AccumulatedFairValueHedgeAdjustmentOnHedgedItemIncludedInCarryingAmountLiabilities	X instant, credit	label	Coirgeartú carntha, i dtaca le fálú luacha chóir, ar mhír fhálaithe a áirítear i suim ghlanluacha, dliteanais	Nochtadh: IFRS 7.24B a (ii)
			documentation	Méid carntha an choigeartaithe i dtaca le fálú luacha chóir ar mhír fhálaithe a áirítear i suim ghlanluacha na míre fálaithe, a aithnítear sa ráiteas ar an staid airgeadais mar dhliteanas. [Féach: Míreanna fálaithe [member]]	
ifrs-full	AccumulatedFairValueHedgeAdjustmentRemainingInStatementOfFinancialPositionForHedgedItemThatCeasedToBeAdjustedForHedgingGainsAndLossesAssets	X instant, debit	label	Coigeartú carntha, i dtaca le fálú luacha chóir, atá fágtha sa ráiteas ar an staid airgeadais le haghaidh mír fhálaithe ar stadadh de bheith á coigeartú ó thaobh gnóthachain agus caillteanais fálúcháin de, sócmhainní	Nochtadh: IFRS 7.24B a (v)
			documentation	Méid carntha an choigeartaithe i dtaca le fálú luacha chóir atá fágtha sa ráiteas ar an staid airgeadais le haghaidh mír fhálaithe, sócmhainn a thomhaistear ar chostas amúchta atá inti agus ar stadadh de bheith á coigeartú ó thaobh gnóthachain agus caillteanais fálúcháin de. [Féach: Sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta; Míreanna fálaithe [member]]	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	AccumulatedFairValueHedgeAdjustmentRemainingInStatementOfFinancialPositionForHedgedItemThatCeasedToBeAdjustedForHedgingGainsAndLossesLiabilities	X instant, credit	label	Coirgeartú carntha, i dtaca le fálú luacha chóir, atá fágtha sa ráiteas ar an staid airgeadais le haghaidh mír fhálaithe ar stadadh de bheith á coigeartú ó thaobh gnóthachain agus caillteanais fálúcháin de, dliteanais	Nochtadh: IFRS 7.24B a (v)
			documentation	Méid carntha an choigeartaithe i dtaca le fálú luacha chóir atá fágtha sa ráiteas ar an staid airgeadais le haghaidh mír fhálaithe, is dliteanas airgeadais a thomhaistear ar chostas amúchta atá inti agus ar stadadh de bheith á coigeartú ó thaobh gnóthachain agus caillteanais fálúcháin de. [Féach: Dliteanais airgeadais ar chostas amúchta; Míreanna fálaithe [member]]	
ifrs-full	AccumulatedImpairmentMember	member	label	Lagú carntha [member]	Cleachtas coiteann: IFRS 16.73 d, Cleachtas coiteann: IAS 38.118 c, Cleachtas coiteann: IAS 40.79 c, Cleachtas coiteann: IAS 41.54 f, Nochtadh: IFRS 3.B67 d, Nochtadh: IFRS 7.35H, Sampla: IFRS 7.35N, Sampla: Dáta éaga 2023-01-01 IFRS 7.37 b, Sampla: Dáta éaga 2023-01-01 IFRS 7.IG29 b
			documentation	Seasann an ball seo do lagú carntha. [Féach: Caillteanas lagaithe]	
ifrs-full	AccumulatedOtherComprehensiveIncome	X instant, credit	label	Ioncam cuimsitheach carntha eile	Cleachtas coiteann: IAS 1.55
			documentation	An méid míreanna ioncaim agus speansais atá carntha (lena n-áirítear coigeartuithe athaicmiúcháin) nach n-aithnítear i mbrabús ná i gcaillteanas mar a cheanglaítear nó mar a cheadaítear le IFRSanna eile. [Féach: IFRSs [member]; Ioncam cuimsitheach eile]	
			totalLabel	Ioncam cuimsitheach eile carntha iomlán	
ifrs-full	AccumulatedOtherComprehensiveIncomeAbstract		label	Ioncam cuimsitheach eile carntha [abstract]	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	AccumulatedOtherComprehensiveIncomeMember	member	label	Ioncam cuimsitheach eile carntha [member]	Cleachtas coiteann: IAS 1.108
			documentation	Seasann an ball seo d'ioncam cuimsitheach eile carntha. [Féach: Ioncam cuimsitheach eile]	
ifrs-full	AcquisitionAndAdministrationExpenseRelatedToInsuranceContracts	X duration, debit	label	Speansais éadála agus riaracháin a bhaineann le conarthaí árachais	Cleachtas coiteann: Dáta éaga 2023-01-01 IAS 1.85
			documentation	An méid speansas éadála agus riaracháin a bhaineann le conarthaí árachais. [Féach: Cineálacha conarthaí árachais [member]]	
ifrs-full	AcquisitiondateFairValueOfEquityInterestInAcquireeHeldByAcquirerImmediatelyBeforeAcquisitionDate	X instant, credit	label	Luach cóir, an dáta éadála, ar ús cothromais i bhfaighteán arna shealbhú ag faighteoir díreach roimh an dáta éadála	Nochtadh: IFRS 3.B64 p (i)
			documentation	Luach cóir, an dáta éadála, ar ús cothromais san fhaighteán arna shealbhú ag an bhfaighteoir díreach roimh an dáta éadála i gcomhcheangal gnó a ghnóthaítear ina chéimeanna. [Féach: Comhcheangail ghnó [member]]	
ifrs-full	AcquisitiondateFairValueOfTotalConsiderationTransferred	X instant, credit	label	Comaoin aistrithe, a luach cóir an dáta éadála	Nochtadh: IFRS 3.B64 f
			documentation	Luach cóir, an dáta éadála, na comaoine a aistrítear i gcomhcheangal gnó. [Féach: Comhcheangail ghnó [member]]	
			totalLabel	Comaoin iomlán a aistríodh, a luach cóir an dáta éadála	
ifrs-full	AcquisitiondateFairValueOfTotalConsiderationTransferredAbstract		label	Comaoin iomlán a aistríodh, a luach cóir an dáta éadála [abstract]	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	AcquisitionrelatedCostsForTransactionRecognisedSeparatelyFromAcquisitionOfAssetsAndAssumptionOfLiabilitiesInBusinessCombination	X duration, debit	label	Costais a bhaineann le héadáil le haghaidh idirbheart a aithnítear ar leithligh ó éadáil sócmhainní agus ó thoimhdiú dliteanas i gcomhcheangal gnó	Nochtadh: IFRS 3.B64 m
			documentation	An méid costas a bhaineann le héadáil, le haghaidh idirbheart a aithnítear ar leithligh ó éadáil na sócmhainní agus ó thoimhdiú na ndliteanas i gcomhcheangail ghnó. [Féach: Comhcheangail ghnó [member]]	
ifrs-full	AcquisitionrelatedCostsRecognisedAsExpenseForTransactionRecognisedSeparatelyFromAcquisitionOfAssetsAndAssumptionOfLiabilitiesInBusinessCombination	X duration, debit	label	Costais a bhaineann le héadáil, a aithnítear mar speansas, le haghaidh idirbheart a aithnítear ar leithligh ó éadáil sócmhainní agus ó thoimhdiú dliteanas i gcomhcheangal gnó	Nochtadh: IFRS 3.B64 m
			documentation	An méid costas a bhaineann le héadáil, a aithnítear mar speansas, le haghaidh idirbheart a aithnítear ar leithligh ó éadáil na sócmhainní agus ó thoimhdiú na ndliteanas i gcomhcheangail ghnó. [Féach: Comhcheangail ghnó [member]]	
ifrs-full	AcquisitionsThroughBusinessCombinationsBiologicalAssets	X duration, debit	label	Éadálacha trí chomhcheangail ghnó, sócmhainní bitheolaíocha	Nochtadh: IAS 41.50 e
			documentation	An méadú ar shócmhainní bitheolaíocha a eascraíonn as éadálacha trí chomhcheangail ghnó. [Féach: Comhcheangail ghnó [member]; Sócmhainní bitheolaíocha]	
ifrs-full	AcquisitionsThroughBusinessCombinationsDeferredAcquisitionCostsArisingFromInsuranceContracts	X duration, debit	label	Éadálacha trí chomhcheangail ghnó, costais éadála iarchurtha a eascraíonn as conarthaí árachais	Cleachtas coiteann: Dáta éaga 2023-01-01 IFRS 4.37 e
			documentation	An méadú ar chostais éadála iarchurtha a eascraíonn as conarthaí árachais a leanann as éadálacha trí chomhcheangail ghnó. [Féach: Comhcheangail ghnó [member]; Costais éadála iarchurtha a eascraíonn as conarthaí árachais]	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	AcquisitionsThroughBusinessCombinationsIntangibleAssetsAndGoodwill	X duration, debit	label	Éadálacha trí chomhcheangail ghnó, sócmhainní doláimhsithe agus cáilmheas	Cleachtas coiteann: IAS 38.118 e (i)
			documentation	An méadú ar shócmhainní doláimhsithe agus ar cháilmheas a leanann as éadálacha trí chomhcheangail ghnó. [Féach: Comhcheangail ghnó [member]; Sócmhainní doláimhsithe agus cáilmheas]	
ifrs-full	AcquisitionsThroughBusinessCombinationsIntangibleAssetsOtherThanGoodwill	X duration, debit	label	Éadálacha trí chomhcheangail ghnó, sócmhainní doláimhsithe seachas cáilmheas	Nochtadh: IAS 38.118 e (i)
			documentation	An méadú ar shócmhainní doláimhsithe seachas cáilmheas a leanann as éadálacha trí chomhcheangail ghnó. [Féach: Comhcheangail ghnó [member]; Sócmhainní doláimhsithe seachas cáilmheas]	
ifrs-full	AcquisitionsThroughBusinessCombinationsInvestmentProperty	X duration, debit	label	Éadálacha trí chomhcheangail ghnó, maoin infheistíochta	Nochtadh: IAS 40.76 b, Nochtadh: IAS 40.79 d (ii)
			documentation	An méadú ar mhaoin infheistíochta a leanann as éadálacha trí chomhcheangail ghnó. [Féach: Comhcheangail ghnó [member]; Maoin infheistíochta]	
ifrs-full	AcquisitionsThroughBusinessCombinationsLiabilitiesUnderInsuranceContractsAndReinsuranceContractsIssued	X duration, credit	label	Éadálacha trí chomhcheangail ghnó, dliteanais faoi chonarthaí árachais agus conarthaí athárachais eisithe	Cleachtas coiteann: Dáta éaga 2023-01-01 IFRS 4.37 e
			documentation	An méadú ar dhliteanais faoi chonarthaí árachais agus conarthaí athárachais eisithe a leanann as éadálacha trí chomhcheangail ghnó. [Féach: Comhcheangail ghnó [member]; Dliteanais faoi chonarthaí árachais agus conarthaí athárachais arna n-eisiúint]	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	AcquisitionsThroughBusinessCombinationsOtherProvisions	X duration, credit	label	Éadálacha trí chomhcheangail ghnó, soláthairtí eile	Cleachtas coiteann: IAS 37.84
			documentation	An méadú ar fhorálacha eile a leanann as éadálacha trí chomhcheangail ghnó. [Féach: Comhcheangail ghnó [member]; Soláthairtí eile]	
ifrs-full	AcquisitionsThroughBusinessCombinationsPropertyPlantAndEquipment	X duration, debit	label	Éadálacha trí chomhcheangail ghnó, maoin, gléasra agus trealamh	Nochtadh: IAS 16.73 e (iii)
			documentation	An méadú ar mhaoin, gléasra agus trealamh a leanann as éadálacha trí chomhcheangail ghnó. [Féach: Comhcheangail ghnó [member]; Maoin, gléasra agus trealamh]	
ifrs-full	AcquisitionsThroughBusinessCombinationsReinsuranceAssets	X duration, debit	label	Éadálacha trí chomhcheangail ghnó, sócmhainní athárachais	Cleachtas coiteann: Dáta éaga 2023-01-01 IFRS 4.37 e
			documentation	An méadú ar shócmhainní athárachais a leanann as éadálacha trí chomhcheangail ghnó. [Féach: Comhcheangail ghnó [member]; Sócmhainní athárachais]	
ifrs-full	ActualClaimsThatAriseFromContractsWithinScopeOfIFRS17	X instant, debit	label	Éilimh iarbhír a eascraíonn as conarthaí faoi raon feidhme IFRS 17	Nochtadh: Éifeachtach 2023-01-01 IFRS 17.130
			documentation	An méid éileamh iarbhír a eascraíonn as conarthaí faoi raon feidhme IFRS 17.	
ifrs-full	ActuarialAssumptionOfDiscountRates	X.XX instant	label	Toimhde achtúireach maidir le rátaí lascaine	Cleachtas coiteann: IAS 19.144
			documentation	An ráta lascaine a úsáidtear mar an toimhde achtúireach suntasach chun an luach láithreach oibleagáide sochar sainithe a chinneadh. [Féach: Oibleagáid sochair shainithe, ar luach reatha; Toimhdí achtúireacha [member]]	
ifrs-full	ActuarialAssumptionOfDiscountRatesMember	member	label	Toimhde achtúireach iarbhír maidir le rátaí lascaine [member]	Cleachtas coiteann: IAS 19.145
			documentation	Seasann an ball seo do na rátaí lascaine a úsáidtear mar thoimhdí achtúireacha. [Féach: Toimhdí achtúireacha [member]]	

“Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	ActuarialAssumptionOfExpectedRatesOfInflation	X.XX instant	label	Toimhde achtúireach iarbhír maidir le rátaí ionchasacha boilscithe	Cleachtas coiteann: IAS 19.144
			documentation	An ráta ionchasach boilscithe a úsáidtear mar thoimhde achtúireach suntasach chun an luach láithreach oibleagáide sochar sainithe a chinneadh. [Féach: Pleananna sochair shainithe [member]; Oibleagáid sochair shainithe, ar luach reatha; Toimhdí achtúireacha [member]]	
ifrs-full	ActuarialAssumptionOfExpectedRatesOfInflationMember	member	label	Toimhde achtúireach iarbhír maidir le rátaí ionchasacha boilscithe [member]	Cleachtas coiteann: IAS 19.145
			documentation	Seasann an ball seo do na rátaí lascaine ionchasacha a úsáidtear mar thoimhdí achtúireacha. [Féach: Toimhdí achtúireacha [member]]	
ifrs-full	ActuarialAssumptionOfExpectedRatesOfPensionIncreases	X.XX instant	label	Toimhde achtúireach maidir le rátaí ionchasacha méaduithe pinsin	Cleachtas coiteann: IAS 19.144
			documentation	Ráta ionchasach na méaduithe pinsin a úsáidtear mar thoimhde achtúireach suntasach chun an luach láithreach oibleagáide sochar sainithe a chinneadh. [Féach: Pleananna sochair shainithe [member]; Oibleagáid sochair shainithe, ar luach reatha; Toimhdí achtúireacha [member]]	
ifrs-full	ActuarialAssumptionOfExpectedRatesOfPensionIncreasesMember	member	label	Toimhde achtúireach maidir le rátaí ionchasacha méaduithe pinsin [member]	Cleachtas coiteann: IAS 19.145
			documentation	Seasann an ball seo do rátaí ionchasacha na méaduithe pinsin a úsáidtear mar thoimhdí achtúireacha. [Féach: Toimhdí achtúireacha [member]]	
ifrs-full	ActuarialAssumptionOfExpectedRatesOfSalaryIncreases	X.XX instant	label	Toimhde achtúireach maidir le rátaí ionchasacha méaduithe tuarastail	Cleachtas coiteann: IAS 19.144
			documentation	Ráta ionchasach boilscithe na méaduithe tuarastail a úsáidtear mar bhonn achtúireach suntasach chun luach láithreach oibleagáide sochar sainithe a chinneadh. [Féach: Pleananna sochair shainithe [member]; Oibleagáid sochair shainithe, ar luach reatha; Toimhdí achtúireacha [member]]	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	ActuarialAssumptionOfExpectedRatesOfSalaryIncreasesMember	member	label	Toimhde achtúireach maidir le rátaí ionchasacha méaduithe tuarastail [member]	Cleachtas coiteann: IAS 19.145
			documentation	Seasann an ball seo do rátaí ionchasacha na méaduithe pinsin a úsáidtear mar thoimhdí achtúireacha. [Féach: Toimhdí achtúireacha [member]]	
ifrs-full	ActuarialAssumptionOfLifeExpectancyAfterRetirement2019	DUR	label	Toimhde achtúireach maidir le hionchas saoil tar éis scoir	Cleachtas coiteann: IAS 19.144
			documentation	An t-ionchas saoil tar éis scoir a úsáidtear mar thoimhde achtúireach suntasach chun luach láithreach oibleagáide sochar sainithe a chinneadh. [Féach: Oibleagáid sochair shainithe, ar luach reatha; Toimhdí achtúireacha [member]]	
ifrs-full	ActuarialAssumptionOfLifeExpectancyAfterRetirementMember	member	label	Toimhde achtúireach maidir le hionchas saoil tar éis scoir [member]	Cleachtas coiteann: IAS 19.145
			documentation	Seasann an ball seo don ionchas saoil tar éis scoir a úsáidtear mar thoimhdí achtúireacha. [Féach: Toimhdí achtúireacha [member]]	
ifrs-full	ActuarialAssumptionOfMedicalCostTrendRates	X.XX instant	label	Toimhde achtúireach maidir le rátaí treochtaí i dtaca le costais leighis	Cleachtas coiteann: IAS 19.144
			documentation	Rátaí na dtreochtaí i dtaca le costais leighis a úsáidtear mar thoimhde achtúireach suntasach chun luach láithreach oibleagáide sochar sainithe a chinneadh. [Féach: Oibleagáid sochair shainithe, ar luach reatha; Toimhdí achtúireacha [member]]	
ifrs-full	ActuarialAssumptionOfMedicalCostTrendRatesMember	member	label	Toimhde achtúireach maidir le rátaí treochtaí i dtaca le costais leighis [member]	Cleachtas coiteann: IAS 19.145
			documentation	Seasann an ball seo do rátaí na dtreochtaí i dtaca le costais leighis a úsáidtear mar thoimhdí achtúireacha. [Féach: Toimhdí achtúireacha [member]]	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	ActuarialAssumptionOfMortalityRates	X.XX instant	label	Toimhde achtúireach maidir le rátaí mortlaíochta	Cleachtas coiteann: IAS 19.144
			documentation	An ráta mortlaíochta a úsáidtear mar thoimhde achtúireach suntasach chun luach láithreach oibleagáide sochar sainithe a chinneadh. [Féach: Oibleagáid sochair shainithe, ar luach reatha; Toimhdí achtúireacha [member]]	
ifrs-full	ActuarialAssumptionOfMortalityRatesMember	member	label	Toimhde achtúireach maidir le rátaí mortlaíochta [member]	Cleachtas coiteann: IAS 19.145
			documentation	Seasann an ball seo do na rátaí mortlaíochta a úsáidtear mar thoimhdí achtúireacha. [Féach: Toimhdí achtúireacha [member]]	
ifrs-full	ActuarialAssumptionOfRetirementAge2019	DUR	label	Toimhde achtúireach maidir le haois scoir	Cleachtas coiteann: IAS 19.144
			documentation	An aois scoir a úsáidtear mar thoimhde achtúireach suntasach chun luach láithreach oibleagáide sochar sainithe a chinneadh. [Féach: Oibleagáid sochair shainithe, ar luach reatha; Toimhdí achtúireacha [member]]	
ifrs-full	ActuarialAssumptionOfRetirementAgeMember	member	label	Toimhde achtúireach maidir le haois scoir [member]	Cleachtas coiteann: IAS 19.145
			documentation	Seasann an ball seo don aois scoir a úsáidtear mar thoimhdí achtúireacha. [Féach: Toimhdí achtúireacha [member]]	
ifrs-full	ActuarialAssumptionsAxis	axis	label	Toimhdí achtúireacha [axis]	Nochtadh: IAS 19.145
			documentation	Is le hais i dtábla a shainítear an gaol idir na baill sa tábla agus na míreanna líne nó na coincheapa lena gcomhlánaítear an tábla.	
ifrs-full	ActuarialAssumptionsMember	member [default]	label	Toimhdí achtúireacha [member]	Nochtadh: IAS 19.145
			documentation	Seasann an ball seo do gach toimhde achtúireach. Is éard is toimhdí achtúireacha ann na meastacháin neamhchlaonta is fearr, atá comhoiriúnach go frithpháirteach, ón eintiteas faoi na hathróga déimeagrafacha agus airgeadais lena gcinnfear an costas a bheidh i gceist le sochair iarfhostaíochta a sholáthar ar deireadh. Léirítear leis freisin an luach caighdeánach le haghaidh na haise 'Toimhdí achtúireacha' mura n-úsáidtear aon bhall eile.	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	ActuarialGainsLossesArisingFromChangesInDemographicAssumptionsBeforeTaxDefinedBenefitPlans	X duration, credit	label	Gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha, roimh cháin, pleananna sochair shainithe	Cleachtas coiteann: IAS 19.135 b
			documentation	Méid an ioncaim chuimsithigh eile, roimh cháin, a eascraíonn as gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha as a leanann atomhais an ghlandliteanais sochair shainithe (sócmhainn). Pléann toimhdí déimeagrafacha le hábhair amhail: (a) mortlaíocht; (b) rátaí athraithe fostaithe, míchumas agus luathscor; (c) cion na gcomhaltaí den phlean a bhfuil cleithiúnaigh acu a bheidh incháilithe do shochair; (d) cion na gcomhaltaí den phlean a roghnóidh gach cineál rogha íocaíochta atá ar fáil faoi théarmaí an phlean; agus (e) rátaí éilimh faoi phleananna leighis. [Féach: Ioncam cuimsitheach eile, roimh cháin, gnóthachain (caillteanais) ar atomhais ar phleananna sochair shainithe] [Codarsnacht: Laghdú (méadú) ar ghlandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a eascraíonn as gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha]	

“Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	ActuarialGainsLossesArisingFromChangesInDemographicAssumptionsNetDefinedBenefitLiabilityAsset	(X) duration, debit	label	Laghdú (méadú) ar ghlandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a leanann as gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha	Nochtadh: IAS 19.141 c (ii)
			documentation	An laghdú (méadú) ar ghlandliteanas sochair shainithe (sócmhainn), a leanann as gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha as a leanann atomhais an ghlandliteanais sochair shainithe (sócmhainn). Pléann toimhdí déimeagrafacha le hábhair amhail: (a) mortlaíocht; (b) rátaí athraithe fostaithe, míchumas agus luathscor; (c) cion na gcomhaltaí den phlean a bhfuil cleithiúnaigh acu a bheidh incháilithe do shochair; (d) cion na gcomhaltaí den phlean a roghnóidh gach cineál rogha íocaíochta atá ar fáil faoi théarmaí an phlean; agus (e) rátaí éilimh faoi phleananna leighis. [Féach: Glandliteanas sochair shainithe (sócmhainn)]	
			negatedLabel	Méadú (laghdú) ar ghlandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a leanann as caillteanais achtúireacha (gnóthachain) a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	ActuarialGainsLossesArisingFromChangesInDemographicAssumptionsNetOfTaxDefinedBenefitPlans	X duration, credit	label	Gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha, glan ó cháin, pleananna sochair shainithe	Cleachtas coiteann: IAS 19.135 b
			documentation	Méid an ioncaim chuimsithigh eile, glan ó cháin, a leanann as gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha as a leanann atomhais an ghlandliteanais sochair shainithe (sócmhainn). Pléann toimhdí déimeagrafacha le hábhair amhail: (a) mortlaíocht; (b) rátaí athraithe fostaithe, míchumas agus luathscor; (c) cion na gcomhaltaí den phlean a bhfuil cleithiúnaigh acu a bheidh incháilithe do shochair; (d) cion na gcomhaltaí den phlean a roghnóidh gach cineál rogha íocaíochta atá ar fáil faoi théarmaí an phlean; agus (e) rátaí éilimh faoi phleananna leighis. [Féach: Ioncam cuimsitheach eile, glan ó cháin, gnóthachain (caillteanais) ar atomhais ar phleananna sochair shainithe] [Codarsnacht: Laghdú (méadú) ar ghlandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a eascraíonn as gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha]	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	ActuarialGainsLossesArisingFromChangesInFinancialAssumptionsBeforeTaxDefinedBenefitPlans	X duration, credit	label	Gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí airgeadais, roimh cháin, pleananna sochair shainithe	Cleachtas coiteann: IAS 19.135 b
			documentation	Méid an ioncaim chuimsithigh eile, roimh cháin, a leanann as gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí airgeadais a leanann atomhais an ghlandliteanais sochair shainithe (sócmhainn) astu. Pléann toimhdí airgeadais le hábhair amhail: (a) an ráta lascaine; (b) leibhéil sochair, seachas aon chostas sochar atá le híoc ag fostaithe, agus tuarastal amach anseo; (c) i gcás sochair leighis, costais leighis amach anseo, lena n-áirítear costais a bhaineann le héileamh a láimhseáil (i.e. na costais a thabhófar de bharr éilimh a phróiseáil agus a réiteach, lena n-áirítear táillí dlí agus táillí an choigeartóra); agus (d) cánacha iníoctha ag an bplean ar ranníocaíochtaí a bhaineann le seirbhís roimh an dáta tuairiscithe nó ar shochair a eascraíonn as an tseirbhís sin. [Féach: Ioncam cuimsitheach eile, roimh cháin, gnóthachain (caillteanais) ar atomhais ar phleananna sochair shainithe] [Codarsnacht: Laghdú (méadú) ar ghlandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a eascraíonn as gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí airgeadais]	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	ActuarialGainsLossesArisingFromChangesInFinancialAssumptionsNetDefinedBenefitLiabilityAsset	(X) duration, debit	label	Laghdú (méadú) ar ghlandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a leanann as gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí airgeadais	Nochtadh: IAS 19.141 c (iii)
			documentation	An laghdú (méadú) ar ghlandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a leanann as gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí airgeadais a leanann atomhais an ghlandliteanais sochair shainithe (sócmhainn) astu. Pléann toimhdí airgeadais le hábhair amhail: (a) an ráta lascaine; (b) leibhéil sochair, seachas aon chostas sochar atá le híoc ag fostaithe, agus tuarastal amach anseo; (c) i gcás sochair leighis, costais leighis amach anseo, lena n-áirítear costais a bhaineann le héileamh a láimhseáil (i. e. na costais a thabhófar de bharr éilimh a phróiseáil agus a réiteach, lena n-áirítear táillí dlí agus táillí an choigeartóra); agus (d) cánacha iníoctha ag an bplean ar ranníocaíochtaí a bhaineann le seirbhís roimh an dáta tuairiscithe nó ar shochair a eascraíonn as an tseirbhís sin. [Féach: Glandliteanas sochair shainithe (sócmhainn)]	
			negatedLabel	Méadú (laghdú) ar ghlandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a leanann as caillteanais achtúireacha (gnóthachain) a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí airgeadais	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	ActuarialGainsLossesArisingFromChangesInFinancialAssumptionsNetOfTaxDefinedBenefitPlans	X duration, credit	label	Gnóthachain achtúireachta (caillteanais) a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí airgeadais, glan ó cháin, pleananna sochair shainithe	Cleachtas coiteann: IAS 19.135 b
			documentation	Méid an ioncaim chuimsithigh eile, glan ó cháin, a leanann as gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí airgeadais a leanann atomhais an ghlandliteanais sochair shainithe (sócmhainn) astu. Pléann toimhdí airgeadais le hábhair amhail: (a) an ráta lascaine; (b) leibhéil sochair, seachas aon chostas sochar atá le híoc ag fostaithe, agus tuarastal amach anseo; (c) i gcás sochair leighis, costais leighis amach anseo, lena n-áirítear costais a bhaineann le héileamh a láimhseáil (i.e. na costais a thabhófar de bharr éilimh a phróiseáil agus a réiteach, lena n-áirítear táillí dlí agus táillí an choigeartóra); agus (d) cánacha iníoctha ag an bplean ar ranníocaíochtaí a bhaineann le seirbhís roimh an dáta tuairiscithe nó ar shochair a eascraíonn as an tseirbhís sin. [Féach: Ioncam cuimsitheach eile, glan ó cháin, gnóthachain (caillteanais) ar atomhais ar phleananna sochair shainithe] [Codarsnacht: Laghdú (méadú) ar ghlandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a eascraíonn as gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí airgeadais]	
ifrs-full	ActuarialGainsLossesArisingFromExperienceAdjustmentsBeforeTaxDefinedBenefitPlans	X duration, credit	label	Gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as coigeartuithe taithí, roimh cháin, pleananna sochair shainithe	Cleachtas coiteann: IAS 19.135 b
			documentation	Méid an ioncaim chuimsithigh eile, roimh cháin, a leanann as gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as coigeartuithe taithí a leanann atomhais an ghlandliteanais sochair shainithe (sócmhainn) astu. Le coigeartuithe taithí láimhseáiltear na héifeachtaí ó na difríochtaí idir na toimhdí achtúireacha roimhe agus an méid a tharla iarbhír. [Féach: Ioncam cuimsitheach eile, roimh cháin, gnóthachain (caillteanais) ar atomhais ar phleananna sochair shainithe] [Codarsnacht: Laghdú (méadú) ar ghlandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a eascraíonn as gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as coigeartuithe taithí]	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	ActuarialGainsLossesArisingFromExperienceAdjustmentsNetDefinedBenefitLiabilityAsset	(X) duration, debit	label	Laghdú (méadú) ar ghlandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a leanann as gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as coigeartuithe taithí	Cleachtas coiteann: IAS 19.141 c
			documentation	An laghdú (méadú) ar ghlandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a leanann as gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as coigeartuithe taithí a leanann atomhais an ghlandliteanais sochair shainithe (sócmhainn) astu. Le coigeartuithe taithí láimhseáiltear na héifeachtaí ó na difríochtaí idir na toimhdí achtúireacha roimhe agus an méid a tharla iarbhír. [Féach: Glandliteanas sochair shainithe (sócmhainn)]	
			negatedLabel	Méadú (laghdú) ar ghlandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a eascraíonn as caillteanais achtúireacha (gnóthachain) a eascraíonn as coigeartuithe taithí	

“Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	ActuarialGainsLossesArisingFromExperienceAdjustmentsNetOfTaxDefinedBenefitPlans	X duration, credit	label	Gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as coigeartuithe taithí, glan ó cháin, pleananna sochair shainithe	Cleachtas coiteann: IAS 19.135 b
			documentation	Méid an ioncaim chuimsithigh eile, glan ó cháin, a leanann as gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as coigeartuithe taithí a leanann atomhais an ghlandliteanais sochair shainithe (sócmhainn) astu. Le coigeartuithe taithí láimhseáiltear na héifeachtaí ó na difríochtaí idir na toimhdí achtúireacha roimhe agus an méid a tharla iarbhír. [Féach: Ioncam cuimsitheach eile, glan ó cháin, gnóthachain (caillteanais) ar atomhais ar phleananna sochair shainithe] [Codarsnacht: Laghdú (méadú) ar ghlandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a eascraíonn as gnóthachain achtúireacha (caillteanais) a eascraíonn as coigeartuithe taithí]	
ifrs-full	ActuarialPresentValueOfPromisedRetirementBenefits	X instant, credit	label	Luach láithreach achtúireach ar shochar scoir geallta	Nochtadh: IAS 26.35 d
			documentation	Luach reatha na n-íocaíochtaí ionchasacha ó phlean sochair scoir le fostaithe atá ann cheana agus iarfhostaithe, atá inchurtha i leith na seirbhíse a tugadh cheana.	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ifrs-full	AdditionalAllowanceRecognisedInProfitOrLossAllowanceAccountForCreditLossesOfFinancialAssets	X duration	label	Lamháltas breise a aithnítear i mbrabús nó i gcaillteanas, cuntas lamháltais le haghaidh caillteanais chreidmheasa sócmhainní airgeadais	Cleachtas coiteann: Dáta éaga 2023-01-01 IFRS 7.16
			documentation	Méid an lamháltais bhreise le haghaidh caillteanais chreidmheasa sócmhainní airgeadais a aithnítear i mbrabús nó i gcaillteanas. [Féach: Cuntas lamháltais le haghaidh caillteanais chreidmheasa sócmhainní airgeadais]	
			commentaryGuidance	Ba cheart luach XBRL deimhneach a iontráil don ghné seo de ghnáth. D'fhéadfadh sé go mbeadh luach XBRL diúltach le hiontráil má úsáidtear an ghné seo agus tagairt inti do na comhaltaí. [Féach: Dímheas agus amúchadh carntha [member]; Dímheas, amúchadh agus lagú carntha [member]; Lagú carntha [member]; Coigeartú comhiomlán ar shuimeanna glanluacha a thuairiscítear faoin GAAP roimhe seo [member]; Éifeacht na huasteorann sócmhainne [member]; Éifeacht an trasdula chuig IFRSanna [member]; Díothú na méideanna idirdheighleoige [member]; Réamhaisnéis airgeadais ar insreafaí (eis-sreafaí) airgid thirim don aonad giniúna airgid, ionchur tomhais [member]; Réamhaisnéis airgeadais ar bhrabús (caillteanas) don aonad giniúna airgid, ionchur tomhais [member]; Méadú (laghdú) de bharr athruithe sa bheartas cuntasaíochta [member]; Méadú (laghdú) de bharr athruithe sa bheartas cuntasaíochta agus ceartúcháin ar earráidí sa tréimhse roimhe seo [member]; Méadú (laghdú) de bharr athruithe sa bheartas cuntasaíochta arna gceangal ag IFRSanna [member]; Méadú (laghdú) de bharr ceartúcháin ar earráidí sa tréimhse roimhe seo [member]; Méadú (laghdú) de bharr imeacht ó cheanglas IFRS [member]; Méadú (laghdú) de bharr athruithe deonacha sa bheartas cuntasaíochta [member]; Míreanna réitigh ábhair [member]; Sócmhainní plean [member]; Luach láithreach oibleagáide sochair shainithe [member]; Méid athainmnithe [member]; Cion athárachóra den mhéid a eascraíonn as conarthaí árachais [member]; Éifeacht éagsúlaithe riosca [member]; Scaireanna cisteáin [member]]	

"Réimír	Ainm/ról URI na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
